




Údarás na
Gaeltachta

Ráiteas Deireadh Bliana

2020



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

2020


- **7,363** post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí ag deireadh na bliana
- **427** post nua cruthaithe sa nGaeltacht in 2020
- Glanlaghdú de **6% (481)** i bpoist lánaimseartha in 2020
- Dúshlán mhóra roimh earnáil na Turasóireachta agus gnóthaí gaolmhara de bharr **COVID-19**
- **258** post nua ceadaithe i dtograí ina mbeidh infheistíocht de **€13m**
- Tacaíocht curtha ar fáil do **263** comhlacht Gaeltachta cur le trádáil ar líne
- **€7.4m** i dtacaíochtaí COVID-19 ceadaithe do chomhlachtaí Gaeltachta
- **€20.3m** i soláthar caipitil ceadaithe d'fhorbairt infreastruchtúr gnó na Gaeltachta
- Sraith tacaíochtaí curtha ar fáil do chomhlachtaí Gaeltachta i gcomhthéacs **an Bhreathimeachta**
- **21** Plean teanga ceadaithe le buiséad de **€2.28m**
- **gteic** – gréasán digiteach na Gaeltachta dúbailte arís in 2020
 - **16** mol digiteach gteic oscailte – **13** eile á bhforbairt
 - Suas le **450** spás ar fáil i rith na dianghlasála
 - Suas le **200** duine ag obair in ionaid gteic ag deireadh na bliana

Naisc Sciobtha

Achoimre & Ráitis	4
Anailís & Torthaí	7
Gníomhaíochtaí Forbartha	13
Tionscnaimh Chothaithe	16
Fochuideachtaí	21
Athbhreithniú de réir Contae	22



1980 – 2020



Bhí 7,363 post lánaimseartha agus 437 post páirtaimseartha i gcomhlachtaí a fuair tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta ag deireadh 2020 agus ainneoin tionchar na paidéime COVID-19, cruthaíodh 427 post nua i gcomhlachtaí Gaeltachta i rith na bliana.

Súil Siar ar 2020

Bhí 7,363 post lánaimseartha agus 437 post páirtaimseartha i gcomhlachtaí a fuair tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta ag deireadh 2020 agus ainneoin tionchar na paidéime COVID-19, cruthaíodh 427 post nua i gcomhlachtaí Gaeltachta i rith na bliana.

Nuair a thógtar lagduithe poist san áireamh, feictear glanlaghdú de 6% (481) sa bhfostaíocht ina iomláine. Is in earnáil na Turasóireachta agus earnálacha gaolmhara a léiríodh formhór na lagduithe sin.

Ar an lámh eile, i measc na n-earnálacha a d'fhás in 2020 bhí an earnáil Feistí Leighis – tháinig méadú 4% ar an bhfostaíocht le hos cionn 700 duine fostaithe san earnáil sa nGaeltacht anois.

Ceadaíodh €7.4m de thacaíochtaí éigeandála do chliantchomhlachtaí a bhí ag réiteach don Bhreathnóireacht agus ag dul i ngleic le tionchar COVID-19. Cheadaigh Bord an Údaráis infheistíocht Stáit de luach €4.9m i ndeontais fostaíochta, innealra, oiliúna agus clár oiliúna i rith 2020. Ceadaíodh suas le €20.3m i soláthar caipitil i rith na bliana d'athchóiriú agus forbairt infreastruchtúr gnó na Gaeltachta chun tacú le buanú fostaíochta agus tograí nua a fhorbairt.

I rith 2020, bhí pleananna teanga á bhfeidhmiú in 18 den 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) Gaeltachta. Bhí 18 Oifigeach Pleanála Teanga agus ceathrar Oifigigh Cúnta Pleanála Teanga fostaithe chun na pleananna sin a chur i bhfeidhm ina limistéir chuí le hinfeistíocht iomlán de €2 milliún.

Cuireadh 7 bplean teanga faoi bhráid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGS&M) ó thús 2020 lena gceadú, agus ceadaíodh trí phlean teanga le linn na bliana.

Tugadh aitheantas ar leith le linn 2020 do na heagrais forbartha pobail, a chuir an-tacaíocht ar fáil do phobail na Gaeltachta le linn dianghlasáil COVID-19, le seirbhísí ar nós seachadadh bia agus oideas, bailiú pinsean, bia ar rothaí agus go leor eile á sholáthar acu.



Dearcadh i dtreo 2021

Tá bailchríoch á chur ar Phlean Straitéiseach nua Údarás na Gaeltachta don tréimhse 2021 – 2025. Cuirfear san áireamh sa Straitéis fis an Údaráis gur pobail inbhuanaithe a bheadh sna ceantair Ghaeltachta, le heacnamaíocht láidir, áit a bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga an phobail.

Aithníonn an tÚdarás gurb é sin an bealach is fearr gur féidir leis an nGaeltacht a féiniúlacht mar phobal teanga a chinntiú. Tá sé mar aidhm ag an Údarás plean uailmhianach ach réadúil a chur i dtoll a chéile a leagfaidh síos an bhunchloch d'fheidhmiú na heagraíochta tar éis na géarchéime as seo go ceann cúig bliana.

Sa ngearrthearma, leanfar ag tacú le comhlachtaí chun an leibhéal fostaíochta atá acu faoi láthair a bhuanú agus le fás agus forbairt a dhéanamh nuair a thagann deireadh leis na tréimhsí dianghlása. Beidh an gréasán gteic lárnach i ndeiseanna a chur ar fáil i dtaobh cianoibriú, go háirithe do mhuintir Dhiaspóra na Gaeltachta a bheidh ag féachaint ar fhilleadh abhaile tar éis na paindéime.

Beidh forbairt tograí straitéiseacha mar Choláiste Íosagáin, Seanospidéal an Daingin, Coláiste Lurgan, Áras Scéalta an Atlantaigh, gréasán gteic agus Páirc na Mara ina dtograí lárnacha agus muid ag féachaint chun cinn.

Cinntefar go bhfuil tacaíochtaí éifeachtacha praiticiúla ar fáil do ghnóthaí chun iad a thabhairt slán ó thionchar COVID-19 agus an Bhreathnaithe. Leanfar ag obair as lámha a chéile leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Ranna Rialtais eile lena chinntiú go bhfuil gnóthaí agus pobail Ghaeltachta chun cinn ó thaobh tacaíochtaí. Tabharfar tacaíocht faoi leith d'earnáil na Turasóireachta len í a chur i mbarr a réime arís.

Cuirfear béim ar leith ar chúrsaí fuinnimh in-athnuaite agus gníomhaíochtaí athraithe aeráide i rith 2021 le tograí pólótacha ar nós Páirc Fhótavoltach ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Togra Fótavoltach Pobail ar an gCeathrú Rua agus Plean Forbartha Fuinnimh Chalafort Ros an Mhíl.



Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Mícheál Ó hÉanaigh:

“Bliain anróiteach a bhí inti ar go leor bealaí cinnte ach táimid an-sásta leis an leibhéal gníomhaíochta agus tacaíochta ar éirigh le hÚdarás na Gaeltachta a chur ar fáil i gcúinsí nach raibh aon choinne leo. Rinneadh infheistíocht mhór in infreastruchtúr gnó na Gaeltachta, agus tá an infheistíocht atá á déanamh i gcúrsaí teanga sna pobail ag leibhéal nár facthas roimhe seo.

Is mó seans nach bhféadfadh am níos tráthúla a bheith ann chun ár bPlean Straitéiseach nua a chur i dtoll a chéile don tréimhse 2021 – 2025. Níl dabht ach go mbeidh riachtanais iomlán difriúla ag an nGaeltacht as seo go ceann cúig bliana agus beidh solúbthacht sa straitéis nua chun dul i ngleic le dúshlán nua.

Tá muid thar a bheith buíoch dár gcliaint, do na heagrais forbartha pobail, do na pobail Ghaeltachta agus dár gcomhghleacaithe Stáit atá ag obair i gcomhpháirtíocht linn. Tá mé féin, mar Phríomhfheidhmeannach, thar a bheith buíoch d’fhoireann agus do Bhord Údarás na Gaeltachta as ucht a ndúthracht agus a gcuid tacaíochta agus cuspóirí na heagraíochta á gcur i gcrích.”



Cathaoirleach Údarás na Gaeltachta, Anna Ní Ghallachair:

“Níl bliain i gcuimhne na ndaoine a bhí chomh dúshlánach do phobail na tíre is a bhí 2020. Cúis bhróid é freagra na Gaeltachta ar an éigeandáil daonna seo agus is údar misnigh don Bhord é an tseasmhacht atá léirithe go dtí seo ag gnóthaí agus pobail Ghaeltachta. Níl aon dabht ach go mbeidh na hacmhainní cuí ag teastáil chun téarnamh cuí agus forbairt a bhaint amach sa Ghaeltacht sna blianta atá romhainn ach tá tús maith curtha leis sin agus buiséid mhéadaithe agus bhreise ar fáil d’Údarás na Gaeltachta do 2021.

Tá blianta cinniúnacha amach romhainn sna Gaeltachtaí ach tá Bord Údarás na Gaeltachta ar aon ghuth agus tiomanta tacú le pobail na Gaeltachta i gcúrsaí teanga, cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta ar gach bealach gur féidir agus na gníomhaíochtaí agus acmhainní cuí ina leith sin a éileamh.”

7,363

Iomlán

2,168

Dún na nGall

604

Maigh Eo

2,955

Gaillimh

215

An Mhí

611

Ciarraí

664

Corcaigh

146

Port Láirge

7,363 post lánaimseartha
i gcliantchomhlachtaí ag
deireadh na bliana

Fostaíocht sa nGaeltacht

Bhí tionchar na paindéime le brath i ngach contae Gaeltachta i rith 2020 agus laghdú fostaíochta i ngach contae seachas i gCo. na Mí. Macasamhail treochtaí náisiúnta, is in earnálacha na Turasóireachta agus Bia agus Deoch is mó a bhí tionchar COVID-19 le brath sa nGaeltacht. Bhí titim 7.5% ar an bhfostaíocht in earnáil an Bhia sa nGaeltacht i rith 2020 agus titim suas le 30% ar an bhfostaíocht i ngnóthaí turasóireachta Gaeltachta atá mar chliant ag Údarás na Gaeltachta.

É sin ráite, d'fhan an fhostaíocht seasmhach i 68% de chomhlachtaí, le cois an 10.5% de chliantchomhlachtaí a raibh méadú fostaíochta iontu i rith na bliana. Is in earnálacha na Seirbhísí (35%), na Déantúsaíochta (25%) agus Bia agus Deoch (17%) is mó atá an fhostaíocht sa nGaeltacht i gcomhlachtaí a bhfuil tacaíocht faighte acu ó Údarás na Gaeltachta.

Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta líon tograí nua a chruthóidh 258 post agus a mbeidh infheistíocht iomlán mheasta Stáit agus ón earnáil phríobháideach de €13 milliún i gceist leo sna blianta beaga amach romhainn. Comhlachtaí sna hearnálacha Táirgí Sláinte, Bia, Seirbhísí agus Saindéantúsaíochta is mó atá luaite le na poist nua seo.

Is in earnálacha na Seirbhísí (35%, na Déantúsaíochta (25% agus Bia agus Deoch (17% is mó atá an fhostaíocht sa nGaeltacht i gcomhlachtaí a bhfuil tacaíocht faighte acu ó Údarás na Gaeltachta.

€4.53M

Ceadaíodh €4.53m faoin gCiste Cothaithe Fiontair don bhuanú gnó;

€1.44M

Ceadaíodh €1.44m i dtacaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta;

€0.43M

Ceadaíodh €0.43m i dtacaíochtaí pleanála gnó, barainneacha, airgeadais agus cúrsaí oiliúna foirne.

Cúrsaí COVID-19 & an Bhreathimeachta


Sheol an tÚdarás **plean tacaíochta agus eolais** ag tús na géarchéime COVID-19 i mí an Mhárta chun tacú le pobail agus gnóthaí na Gaeltachta, agus idir na tacaíochtaí sin agus tacaíochtaí a bhain le comhlachtaí Gaeltachta a bheith ullmhaithe don Bhreathimeacht, ceadaíodh os cionn €7.4m. Bhain os cionn 435 comhlacht Gaeltachta leas as an tacaíocht chun dul i ngleic le deacrachtaí airgeadais agus soláthar, sreabhadh airgid a chinntiú agus cur lena gcumas margaí díolacháin domhanda ar líne a aimsiú.

Tá **€6.4m** de thacaíocht ceadaithe ag Údarás na Gaeltachta i gcomhar le Fiontraíocht Éireann do chomhlachtaí lonnaithe sa nGaeltacht agus iad ag díriú ar bhuanú gnó, cúrsaí oiliúna, taighde agus cúrsaí pleanála airgeadais.

- Ceadaíodh **€4.53m** faoin **gCiste Cothaithe Fiontair** don bhuanú gnó;
- Ceadaíodh **€1.44m** i dtacaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta;
- Ceadaíodh **€0.43m** i dtacaíochtaí pleanála gnó, barainneacha, airgeadais agus cúrsaí oiliúna foirne.

Chuir Údarás na Gaeltachta tacaíocht d'os cionn **€1m** ar fáil do 413 gnó Gaeltachta tríd an Scéim Trádála Ar Líne agus Dearbhán Leanúnachais Ghnó COVID-19, i gcomhar leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil.

I gcomhthéacs an Bhreathimeachta, bhí teagmháil leanúnach le cliantchomhlachtaí i ngach ceantar Gaeltachta, le haird faoi leith ar na cliantchomhlachtaí ba leochailí, áit ar aontaíodh straitéis aonarach le bainistíocht na gcomhlachtaí sin. Thacaigh an tÚdarás le tuarascáil taighde i rith 2020 maidir leis an tionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreathimeacht ar chomhlachtaí beaga Gaeltachta – rud a chuir cás na ngnóthaí Gaeltachta ar stáitse náisiúnta. Leanadh le feachtais chuimsitheacha chumarsáide leis na cliantchomhlachtaí lena chinntiú go raibh fáil acu ar eolas agus ar thacaíocht. Forbraíodh mol eolais speisialta ar thacaíochtaí Breathimeachta agus sraith rphoist dhíreacha do chomhlachtaí ina leith. Eagraíodh sraith seimineár ar an mBreathimeacht 'Ag Buanú Gnó i rith Géarchéime' chun saineolas ábhartha a roinnt le comhlachtaí.



Is iad na hearnálacha Bia agus Deoch (19%), Táirgí Leighis (17%) Mara (11%) agus Déantúsaíochta (8%) is mó a bhí chun cinn ó thaobh díolacháin.

Tionchar Eacnamaíoch Ghnóthaí Gaeltachta

Léiríonn taighde a cuireadh i gcrích in 2020 go bhfuil luach maith á fháil ar infheistíocht an Stáit sa nGaeltacht. De réir thaighde ABSEI ar chliantchomhlachtaí an Údaráis, a bhfuil deichniúr nó níos mó fostaithe iontu, meastar go raibh díolachán iomlán de €923m ag na cliantchomhlachtaí an bhliain roimhe chomh maith le caiteachas díreach de €437m i ngeilleagar na hÉireann ar phárolla, ar sheirbhísí agus ar cheannach ábhar. Rinneadh íocaíocht de €195 milliún ar phárolla in 2019. As an €135 milliún a caitheadh ar sheirbhísí, caitheadh €83 milliún, nó 61.4% den chaiteachas iomlán, ar sheirbhísí lonnaithe in Éirinn. Is iad na hearnálacha Bia agus Deoch (19%), Táirgí Leighis (17%) Mara (11%) agus Déantúsaíochta (8%) is mó a bhí chun cinn ó thaobh díolacháin.

De réir thaighde ABSEI a rinneadh in 2020, cúrsaí easpórtála a bhí i gceist le €558 milliún nó 60% den díolachán iomlán a rinne comhlachtaí Gaeltachta le 10+ fostaithe in 2019. Is chuig an AE is mó a chuaigh earraí Gaeltachta le 33% (€186m) den iomlán á n-easpórtáil ansin, méadú de 9% ar an mbliain roimhe. Tháinig méadú 3% ar easpórtálacha chuig an Ríocht Aontaithe, margadh suntasach de luach €159m, nó 28.5% den iomlán, do chomhlachtaí Gaeltachta. Is iad na hearnálacha is mó díolacháin sa Ríocht Aontaithe ná Earraí Adhmaid 24%, Páipéar/Priontáil 20% agus Saindéantúsaíocht 13%. Bhí 22.5% d'earraí á n-onnmhairiú le Meiriceá Thuaidh agus 9.6% leis an Áise.

Táirgí Leighis €160m (29%), Talmhaíocht/Iascaireacht/Mara €86m (15%) agus Bia agus Deoch €81m (14%) na hearnálacha easpórtála is mó luach do chomhlachtaí Gaeltachta.

€558M


Cúrsaí easpórtála a bhí i gceist le €558 milliún nó 60% den díolachán iomlán

33%

33% (€186m) d'earraí Gaeltachta á n-easpórtáil chuig an AE

22.5%

22.5% d'easpórtálacha á ndéanamh le Meiriceá Thuaidh agus 9.6% leis an Áise



Faoi dheireadh 2020, bhí pleananna teanga ceadaithe do 20 LPT as an 26 LPT agus do Bhaile Seirbhíse Gaeltachta (BSG) amháin as na trí BSG, le hinfheistíocht iomlán de €2.28 milliún d'fheidhmiú na bpleananna sin.

Gníomhaíochtaí Pleanála Teanga

Faoi dheireadh 2020, bhí pleananna teanga ceadaithe do 20 LPT as an 26 LPT agus do Bhaile Seirbhíse Gaeltachta (BSG) amháin as na trí BSG, le hinfheistíocht iomlán de €2.28 milliún d'fheidhmiú na bpleananna sin.

Cuireadh 7 bplean teanga faoi bhráid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGS&M) le bheith faofa ag an Aire Stáit. Sin iad dréachtpleananna teanga do LPT Thoraí agus LPT an Eachréidh a ceadaíodh, agus LPT Oirthear Chathair na Gaillimhe, LPT Bhearna agus Cnoc na Cathrach, LPT Oileáin Árann, LPT Chléire agus LPT Mhaigh Eo Thiar. Táthar ag súil go mbeidh siad sin ceadaithe agus á gcur i bhfeidhm sa gcéad leath de 2021. Ceadaíodh plean teanga BSG Dhaingean Uí Chúis freisin. Táthar ag súil pleananna teanga LPT na Gaeltachta Láir agus BSG An Chlocháin Léith a bheith curtha faoi bhráid na Roinne go luath in 2021. Beifear ag dul i mbun plé le pobal Bhéal an Mhuirthead arís maidir leis na céimeanna cuí le haitheantas a bhaint amach don bhaile mar BSG.

Cur i bhfeidhm na bpleananna teanga le linn 2020

Ainneoin srianta COVID-19 d'éirigh leis na hoifigigh pleanála teanga roinnt mhaith bearta a fheidhmiú le húsáid na Gaeilge a chothú agus a spreagadh i measc na bpobal éagsúil. Chuaigh siad i mbun gníomhaíochtaí a bhí dírithe ar mhórtas áite a spreagadh agus cuimhní cinn faoin nGaeltacht a mhúscailt, ar úsáid na Gaeilge a ghríosú agus a chothú i measc teaghlaigh, pobal a gceantair agus caidreamh a chruthú idir phobail LPTanna na Gaeltachta go léir, ar nós *Comórtas Reatha na Gaeltachta*, *Maratón na dTeaghlach*, *#SeoÍAnGhaeltacht*, *Rothaí na Gaeltachta* agus *Oícheanta Airneáin* ar líne. Eagraíodh ceardlanna ar líne dírithe ar théamaí éagsúla agus reáchtáladh ciorcal comhrá agus ranganna Gaeilge ar líne chomh maith. Tugadh faoi chomh-thionscnaimh le heagrais eile ar nós na scoileanna Gaeltachta le *Maratón na bPáistí*, Tuismitheoirí na Gaeltachta le *Tóraíocht Taisce do Theaghlaigh* agus le lucht gnó na Gaeltachta leis an bhfeachtas *Stuif na Nollag*.

Chuidigh na gníomhaíochtaí go léir feasacht a ardú maidir le spriocanna an phróisis phleanála teanga, caidrimh a thosú agus a chothú le spriocghrúpaí faoi leith, ceangal a chruthú idir phobail na LPTanna agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn.

16

16 mol digiteach ag feidhmiú anois i 5 chontae Gaeltachta

200

Suas le 200 duine ag obair iontu ag deireadh na bliana

13

13 mol gteic eile ag oscailt in 2021





Dhúbail líon na n-ionad gteic a bhí oscailte faoi dheireadh na bliana. Tá 16 mol digiteach ag feidhmiú anois i gcúig chontae Gaeltachta, agus ainneoin na srianta éagsúla a bhain le COVID-19, bhí suas le 200 duine ag obair iontu ag deireadh na bliana:

- Gaoth Dobhair, Cill Charthaigh, Árann Mhór, Na Dúnaibh & An Tearmann i gContae Dhún na nGall
- Béal an Mhuirthead, Acaill, An Eachléim agus An Corrán Búí i gContae Mhaigh Eo
- Carna, An Cheathrú Rua, Na Forbacha agus An Spidéal i gContae na Gaillimhe
- Béal Átha an Ghaorthaidh i gContae Chorcaí
- Baile an Sceilg, Daingean Uí Chúis (Mol Teic/Dingle Hub) i gContae Chiarraí

Eatarthu, tá breis agus 450 spás deisce ar fáil idir oifigí agus deasca comhoibrithe agus bhí rátaí áitíochta os cionn 62% i gceist leis na hoifigí i rith na dianghlasála. Tá os cionn 660 spás deisce forbartha agus súil go mbeidh suas le 700 spás ar fáil in 2021 nuair a osclaítear 13 gteic eile.

In 2020, fógraíodh go raibh Údarás na Gaeltachta ina mball iomlán de **ERNACT**, *European Regions Network for the Application of Communications Technology*, rud a thabharfaidh deis do na moil gteic agus comhlachtaí ábhartha Gaeltachta teacht ar shaineolas idirnáisiúnta agus tionscnaimh trasnáisiúnta a bheartú le gréasán de 9 réigiún eile ERNACT i 7 dtír ar fud na hEorpa agus i gCeanada.





Ceadaíodh síneadh bliana luach €450,000 do 15 oifigeach forbartha turasóireachta Gaeltachta faoin scéim forbartha turasóireachta.

Turasóireacht

De bharr géarchéim COVID-19 bhí earnáil na Turasóireachta faoi bhrú ollmhór, léiriú ar chomh tábhachtach is atá an earnáil don Ghaeltacht. Sa gcomhthéacs sin, tá sé níos tábhachtaí ná riamh go leanfaidh an tÚdarás ag tacú le forbairt áiseanna straitéiseacha turasóireachta Gaeltachta, ina measc Teach Solais Fhánada, Togra na hEaragaile, Drioglann Chroithlí, Ionad Cuimhneacháin na nImlirceach, Seanospidéal an Daingin, Ionad Feamainne / Oileánra agus Ionad Árann. Cuireadh tús le hobair ar thogra mór turasóireachta, Áras Scéalta an Atlantaigh, ar an Eachléim i gCo. Mhaigh Eo i rith 2020.

Ceadaíodh síneadh bliana luach €450,000 do 15 oifigeach forbartha turasóireachta Gaeltachta faoin scéim forbartha turasóireachta. Tá na hoifigigh ag obair chun ionaid do chuairteoirí agus gréasáin mhargaíochta a fhorbairt chomh maith le pleananna téarnaimh sonracha. D'eagraigh Údarás na Gaeltachta ceardlanna ar líne i rith shamhraidh 2020 chun tacú le gnóthaí leas a bhaint as an margadh intíre agus eispéiris, táirgí agus seirbhísí turasóireachta a fhorbairt agus a dhíol ar líne.

I gcomhpháirtíocht leis an Laurentic Forum i nDún na nGall, eagraíodh seimineár turasóireachta trasatlantach idir Thalamh an Éisc agus Éire, le hionadaíocht láidir Gaeltachta agus imeachtaí líonraithe turasóireachta luachmhara.

An Scéim Forbartha Turasóireachta Gaeltachta

- Amharclann Ghaoth Dobhair
- Slí Chorca Dhuibhne
- Comhchoiste Ghaeltachtaí Chiarraí Theas
- Ionad Deirbhile, An Eachléim
- Turasóireacht Chontae Dhún na nGall
- Ionad Cuimhneacháin na nImlirceach, Carna
- Ionad Cois Loch Teo, Dún Lúiche
- Cósta Gaelach Chonamara & Árann
- Comhaontas Turasóireachta Chorca Dhuibhne
- Teach Solais Fhánada
- Ionad Feamainne & Oidhreacht, Leitir Mealláin
- Ionad Árann, Inis Mór
- Geopháirc Dhúiche Sheoigheach
- Sliabh Liag, Co. Dhún na nGall
- Áras Éanna, Inis Oírr



Tograí Straitéiseacha

Rinneadh dul chun cinn ollmhór i rith 2020 ar roinnt tograí eiseamláireacha Gaeltachta. Thosaigh obair ar shuíomh **Choláiste Íosagáin**, áit a bhfuil Mol Forbartha Réigiúnach á fhorbairt le tacaíocht maoinithe ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (CAFT). Tá cead planála faighte do thogra **Seanospidéal an Daingin** a bheidh ina lárionad do Ghaeltacht Chorca Dhuibhne agus tá iarratais maoinithe ar chlár náisiúnta éagsúla déanta freisin. Ceapfar conraitheoir don obair thógála ar **Áras Scéalta an Atlantaigh** ag tús 2021 a bheidh an-tábhachtach do thionscail turasóireachta lorrtais. Tá Údarás na Gaeltachta meáite leanúint leis an dul chun cinn suntasach a rinneadh in 2020 maidir le réiteach plan agus léaráidí **d'Ionad Oideachais agus Óige (Coláiste Lurgan)** in Indreabhán, i gcomhar leis an RTCEGS&M, Coláiste Lurgan agus geallsealbhóirí eile.

Tacaíocht shuntasach tugtha don earnáil forbartha pobail Gaeltachta in 2020

Chuir Údarás na Gaeltachta, i gcomhar leis an RTCEGS&M, **maoiniú reáchtála de €2.37m** ar fáil do 33 eagrais forbartha pobail i rith 2020, chun cur ar a gcumas tabhairt faoi chlár forbartha pobail dírithe ar riachtanais an phobail áitiúil agus ar thograí turasóireachta, planáil teanga, fuinneamh in-athnuaite agus an gréasán gteic, i measc tograí eile.

Sheol Údarás na Gaeltachta **lámhleabhar cuimsitheach rialachais agus dea-chleachtais** chun tacú le na heagrais forbartha pobail Gaeltachta, agus eagraíodh ceardlanna ar líne chun cuidiú leo a gcuid spriocanna a bhaint amach.

Bunaíodh **Clár Fiontraíochta Sóisialta Gaeltachta** in 2020, clár oiliúna agus meantóireachta chun cuidiú le na heagrais forbartha pobail Gaeltachta cur lena scileanna forbartha gnó.

Bhí na heagrais forbartha pobail lárnach sa tacaíocht a cuireadh ar fáil do na pobail Ghaeltachta le linn an chuid ba dhúshlánaí den dianghlásáil, agus iad ag soláthar seirbhísí bia ar rothaí, seachadadh bia agus oideas, bailiú pinsean agus go leor seirbhísí eile.

€8M

€8m de mhaoiniú
caipitil ceadaithe
faoi gClár Spreagtha
Post

45

45 togra athchóirithe,
athfhorbartha &
uasghrádaithe
aitheanta

25

25 togra tosaithe
roimh dheireadh 2020



Feabhsúcháin Infreastruchtúir

Ceadaíodh allúntas breise caipitil de €8m d'Údarás na Gaeltachta in 2020, mar chuid de chlár spreagtha post an Rialtais, chun uasghrádú a dhéanamh ar chuid de phunann maoine na heagraíochta. Cuireadh 45 togra san áireamh don mhaoiniú seo, oibreacha athchóirithe ar fhoirgnimh, ionaid cóireála fuíolluisce, deisiúchán agus insliú díonta ina measc. Bhí 25 de na tograí tosaithe roimh dheireadh 2020 agus 7 gcinn críochnaithe.

Fuinneamh In-athnuaite

Agus inbhuanaitheacht ina thosaíocht leanúnach ag Údarás na Gaeltachta, cuireadh tús in 2020 le staidéar féidearthachta maidir le **Páirc Fhótavoltach** a fhorbairt ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair.

Tugadh faoi **thogra fótavoltach pobail** i gcomhar le Comharchumann Mhic Dara Teo. ar Pháirc Ghnó na Ceathrún Rua, ag cruthú múnla d'eagrais forbartha pobail Gaeltachta eile gur mian leo a leithéid a fhorbairt.

Tugadh freisin faoi staidéar féidearthachta suntasach maidir le **Calafort Ros an Mhíl** a fhorbairt mar bhunionad seirbhíse agus lóistíochta don earnáil fuinnimh in-athnuaite chun an leas is mó gur féidir a bhaint as cúrsaí fuinnimh mara.

Páirc na Mara

Chuir Údarás na Gaeltachta iarratas pleanála do Pháirc na Mara faoi bhráid Chomhairle Chontae na Gaillimhe i mí Mheithimh 2020. Faoi láthair táthar ag obair ar eolas breise agus sonraí éagsúla atá iarrtha ag an Údarás Pleanála mar chuid den phróiseas agus súil é a bheith curtha faoina mbráid go luath in 2021. Fuarthas os cionn 26 léiriú spéise ó chomhlachtaí a bhfuil suim acu a ngnóthaí a lonnú i bPáirc na Mara agus tá plé déanta le hinfheisteoirí príobháideacha faoina gcuid riachtanas forbartha féin.



Oiliúint

Clár na gComhlachtaí – Cruthú na Fiontraíochta i measc ghlúin óg na Gaeltachta

Rí na bhFocal, as Pobalscoil Chorca Dhuibhne, i gCiarraí a bhuaigh Craobh Náisiúnta Chlár na gComhlachtaí Údarás na Gaeltachta 2020 a reáchtáladh ar líne i mí na Bealtaine seo caite. Is é seo an dara bliain go raibh an fhoireann bhuacach as Éirinn san iomaíocht i gCraobh na hEorpa den Chomórtas. Ghlac 750 dalta idirbhliana as gach contae Gaeltachta páirt sa gclár a bhfuil sé mar aidhm aige spiorad na fiontraíochta a chothú i measc an aosa óig.

Scéim Scoláireachta do Phrintísigh

De bharr COVID-19, ba bhliain dhúshlánach a bhí ann ó thaobh printíseachtaí de. Cuireadh agallamh ar iarrthóirí do bhabhtaí an Earraigh agus an tSamhraidh i mí Lúnasa, tráth ar tháinig maolú ar na srianta. Mar thoradh air sin, tá 27 printíseach anois cláraithe agus tosaithe ina gceirdeanna éagsúla.

Comhpháirtíocht le TG4

Bhí deich gcomhlacht a chuireann ábhar léirithe ar fáil do TG4 páirteach sa gclár forbartha oiliúna nua sna Meáin Dhigiteacha don chéad uair. Tríd an scéim bhí oifigigh faoi oiliúint i réimsí éagsúla den phróiseas léirithe agus d'fhreastail na rannpháirtithe ar chúrsa sainspéise a reáchtáil IT na Gaillimhe – Maigh Eo (ITGME).

Mar chuid den fhorbairt atá ar siúl don dara bliain den chúrsa, tá Ciste Maoinithe forbartha le stiúrthóirí, léiritheoirí agus scríbhneoirí a mhealladh le hábhar gearrfhoirme a chruthú trí mheán na Gaeilge, dar teideal Glúin Nua. Comhpháirtíocht é seo idir TG4, Ciste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann (ILBF), Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus Údarás na Gaeltachta le tacaíocht ó Ghréasán na Meán.



Cúrsaí Oiliúna

Tá deiseanna forbartha á n-aithint go leanúnach i gcomhar le hInstitiúidí tríú leibhéal agus Boird Oideachais agus Oiliúna a rachaidh chun sochair do phobal na Gaeltachta agus in 2020 rinneadh cómhaoiniú ar scoláireachtaí taighde iar-chéime le hOllscoil na hÉireann Gaillimh agus le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

Leanadh le maoiniú an Ard-Diplóma i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán atá á riar ag ITGME i gcomhpháirt le Europus Teo. agus an Ard-Diplóma i Léiriú Teilifíse agus na Meán Digiteach le hInstitiúid Phort Láirge i gcomhar le Nemeton Teo.

Rinneadh cómhaoiniú ar Mháistreacht i Nuálachas Mara in ITGME chomh maith le Clár Scoláireachta nua do Mháistreacht i dTaighde i gcomhar le Smartbay, SEAI agus Foras na Mara a chuirfidh sraith acmhainní oideachais iar-bhunscoile ar fáil i réimse fhuinneamh in-athnuaite na mara. Tá na hoifigigh turasóireachta atá lonnaithe i dtograí turasóireachta Gaeltachta ag freastal ar chúrsa atá deartha go speisialta ag IT Thrá Lí agus IT Leitir Ceanainn.

I gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, reáchtáladh réimse cúrsaí oiliúna sa Dobharshaothrú, Feamainn agus Tógáil Bád in Iorras Aithneach agus Cúrsa Anamúlachta (closamharc) sa Spidéal.

Scéim na gCéimithe

Faoi Scéim na gCéimithe tugadh deis do chéimithe seal a chaitheamh i gcomhlacht Gaeltachta le cur lena gcuid scileanna agus taithí in earnáil ar leith. Tréimhse dhá bhliain a bhíonn i gceist faoin scéim seo, agus faoi láthair tá tús áite á thabhairt do na hearnálacha seo a leanas:

- Earnáil na Mara
- Earnáil na Seirbhísí Forbartha Teanga agus an Aistriúcháin
- Earnáil na Déantúsaíochta Nideoige
- Earnáil an Fhuinnimh In-athnuaite

972

972 rannpháirtí
ar 47 Scéim
Fostaíochta
Sóisialta

€17M

Buiséad bliantúil
na Scéimeanna
Fostaíochta
Sóisialta

8

Togra taighde
Eorpacha á
bhfeidhmiú sa
nGaeltacht

€2.38M

Maoiniú ó chistí
Eorpacha thar
thréimhse na
dtograí



Os cionn 1,000 fostaithe ar Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Thug na scéimeanna fostaíochta sóisialta tacaíocht ríthábhachtach do phobail na Gaeltachta i rith thréimhsí dianghlasála COVID-19 ag cruthú naisc riachtanacha le daoine a bhí i mbaol agus ag tacú le bunseirbhísí riachtanacha a chur ar fáil do dhaoine a bhí ag féin-aonrú nó ag cocúnú.

Bhí 972 rannpháirtí agus 49 saoriste fostaithe ar 47 scéim ar fud na Gaeltachta in 2020. Tá ról agus tionchar tábhachtach ag na scéimeanna fostaíochta sóisialta (Scéim Fostaíochta Pobail, Scéim Sóisialta Tuaithe & Scéim TÚS), atá á mbainistiú ag an Údarás, maoinithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, ag cur taithí oibre agus oiliúint ar fáil do phobal na Gaeltachta.

Tograí Eorpacha

Bhí réimse leathan tograí Eorpacha á gcur i bhfeidhm ag Údarás na Gaeltachta in 2020 ar mhaithe le cúrsaí fuinnimh in-athnuaite, athrú aeráide, acmhainn bia mara agus acmhainní fuinnimh a fhorbairt sa nGaeltacht. Tá na tograí Eorpacha **LECo**, **RegEnergy** agus **REACT** ag plé le fuinnimh in-athnuaite. Baineann **SAFER**, **Access2Sea**, **SW-GROW** agus **EMPORIA4KT** le tograí breisluacha mara agus an geilleagar gorm. An aidhm atá le togra **Digi2Market** ná cuidiú le 50 comhlacht a gcuid margaíochta agus díolacháin a fhorbairt taobh amuigh dá réigiúin féin, ag úsáid teicneolaíocht thumthach.



Branda – Gaeltacht na hÉireann

I rith 2020, lean fás an bhranda *Gaeltacht na hÉireann* agus é in úsáid ag os cionn 500 gnó, eagraíocht, limistéar planála teanga agus cumann Gaeltachta.

Cuireadh gnéithe de tháirgí agus comhlachtaí den scoth na Gaeltachta os comhair an domhain mhóir ar líne mar chuid de chomóradh 40 bliain Údarás na Gaeltachta in 2020. Tionóladh **EXPO Ceardaíochta Gaeltachta** agus **Expo Bia & Deoch Gaeltachta 2020** chun ceiliúradh a dhéanamh ar tháirgí agus comhlachtaí Ceardaíochta, Bia agus Deoch. Bhí an dá Expo á reáchtáil faoi chaolach an bhranda ‘Gaeltacht na hÉireann’ agus an branda á cheangal le scoth na dtáirgí Gaeltachta. Lena chois sin forbraíodh **Eolaire Gaeltachta** ar láithreán gréasáin na heagraíochta áit inar féidir nasc díreach a dhéanamh faoi scáth an bhranda le comhlachtaí Gaeltachta agus táirgí a cheannach uathu. Cuirfear leis an eolaire i rith 2021. Cuireadh feachtas cuimsitheach digiteach ‘**Ón nGaeltacht le Grá**’ i gcrích díreach roimh Nollaig 2020 ag gríosú custaiméirí chun tacú le comhlachtaí Gaeltachta agus ceannach uathu ar líne.

Tascfhórsaí agus Fóraim

Tascfhórsa Idirghníomhaireachta Uíbh Ráthaigh

Ceapadh Oifigeach Taighde lánaimseartha chun tabhairt faoi na beartais taighde-bhunaithe sa bplean gníomhaíochta. D'éirigh go maith le feachtais mhargaíochta a bhí ar siúl ag an Tascfhórsa i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta chun daoine a mhealladh chun cónaí sa gceantar. Táthar ag déileáil le suas le 90 fiosrúchán dá bharr.

Plean Gníomhaíochta 5 Bliana d'Iorras Aithneach

Ba é 2020 an dara bliain de Phlean Gníomhaíochta Iorras Aithneach, agus rinneadh an-dul chun cinn i gcur i bhfeidhm gníomhaíochtaí an phlean, a bhuíochas don chomhpháirtíocht idir na coistí áitiúla éagsúla a chuimsíonn Coiste Comhairleach Monatóireachta an phlean. Déanfar athbhreithniú neamhspleách ar ghníomhaíochtaí an phlean as seo go ceann trí bliana.

Fóram Fiontraíochta na Mí

Cuireadh bunchloch faoin bhFóram Fiontraíochta in 2020, agus an bealach á réiteach d'fhorbairt gteic i Ráth Chairn do 2021, chomh maith le tacú le Comharchumann Ráth Chairn forbairt a dhéanamh ar a gcuid aidhmeanna turasóireachta. Cuireadh struchtúr nua in áit freisin chun éascaíocht a dhéanamh ar fhiosrúcháin ghnó do Chontae na Mí.

Plean Gníomhaíochta 5 Bliana na Ceathrún Rua

Cuireadh tús le Plean Gníomhaíochta 5 Bliana a fhorbairt don Cheathrún Rua i gcomhar le Comharchumann Mhic Dara, agus é mar sprioc cur le deiseanna fostaíochta sa gceantar. Tá súil an Plean Gníomhaíochta a sheoladh in Earrach 2021, agus cur i bhfeidhm an Phlean faoi chúram an Chomharchumainn, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta.



Diaspóra na Gaeltachta

An ceangal le hAlban á threisiú

I rith 2020, tugadh cuireadh d'Údarás na Gaeltachta tríd Oifig Rialtas na hAlban in Éirinn i bpáirtíocht leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha, moltaí a chur faoina mbráid i dtaca le Polasaí Déthaobhach nua a fhorbairt idir Éire agus Albain. Thug Aire Rialtais na hAlban Mike Russell agus oifigigh as Rialtas na hAlban cuairt ar Údarás na Gaeltachta i mí Eanáir 2020 áit ar pléadh réimse earnálacha ábhartha, ina measc na ceithre cinn atá sonraithe i gcomhar comhoibriú sa doiciméad idir-rialtais atá á ullmhú. Sa bPolasaí Déthaobhach atá foilsithe ó shin, déantar tagairt shonrach d'Údarás na Gaeltachta mar pháirtí atá lárnach sa gceangal idir an dá thír, agus an tÚdarás chun forbairtí i dtaobh gteic, pleanáil teanga agus forbairt tuaithe a fhiosrú i gcomhar le Rialtas na hÉireann, Rialtas na hAlban agus Oilthigh na Gáidhealtachd agus nan Eilean.

Aghaidh ar an Áise

Thug Údarás na Gaeltachta faoi nasc straitéiseach a fhorbairt leis an Áise, le comhdháil ar líne i gcomhar le *Asia Matters*, Aghaidh ar an Áise, chun léargas a thabhairt do ghnóthaí ar mhargaí na hÁise agus na deiseanna atá ann do chomhlachtaí Gaeltachta.

Boston

Bhí an Ghaeltacht ag croílár na nDroichead Órga arís i mbliana le lucht gnó, rialtais, pobail, acadúla agus diaspóra na hÉireann i mbun cainte ag an ócáid 'Golden Bridges' a bhíonn ar siúl i mBoston ach a tionóladh ar líne i mí na Samhna. Bhí ár gcliantchomhlachtaí R.A. Pacáistí, Randox agus Driogairí Shliabh Liag mar chuid de phainéil aoi-chainteoirí éagsúla chun plé a dhéanamh ar nuálaíocht, turasóireacht agus an ghéarchéim.



Fochuideachtaí

Ealaín na Gaeltachta

Rinne Ealaín na Gaeltachta maoiniú tríd an scéim Cothú ar 5 **thogra straitéiseach** ealaíne Gaeltachta in 2020. Cuireadh tacaíocht ar fáil do 24 féile ealaíon Gaeltachta ar éirigh le 11 féile dul ar aghaidh ar líne. Bhí méadú 80% ar líon na n-iarratas ar an scéim sparánachta d'ealaíontóirí agus cuireadh tacaíocht ar fáil do **57 ealaíontóir** Gaeltachta i gcomhar leis an gComhairle Ealaíne agus Éire Ildánach.

Cuireadh tacaíocht ar fáil d'os cionn 35 iarratasóir le **himeachtaí/tograí beaga aon uaire** a chur ar bun agus rinneadh maoiniú ar **16 togra straitéiseach ilghnéitheach ealaíne**, idir físealaín, litríocht, seónna stáitse, drámaíocht don óige agus tréimhsí cónaitheacha tríd Scéim Forbartha na nEalaíon. D'fhreastail os cionn 2,800 gasúr ar fud na Gaeltachta ar ranganna **Chuisle**, clár gníomhaíochtaí trí bliana sna healaíona traidisiúnta do dhaoine óga atá á sholáthar le tacaíocht maoinithe ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Forbraíodh an togra idirnáisiúnta **Óró** do Ghaillimh 2020, mar cheiliúradh ar an nGaeilge agus féiniúlacht pobail mhionteangacha ar fud na hEorpa. Bhí ealaíontóirí as Éirinn, Albain, Tír na mBascach agus tíortha eile páirteach sa saothar mór nua a cuireadh ar siúl ar feadh seachtaine ar an gCeathrú Rua i mí Mheán Fómhair 2020.

Ceadaiódh maoiniú i rith na bliana do thograí ealaín phoiblí ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair, do Bhád Eddie i nGaoth Dobhair agus do dhealbha de Mháirtín Ó Cadhain ar an Spidéal i gConamara.

Muintearas

Léirigh 2020 an ról lárnach atá ag Muintearas ag tacú le pobail áitiúla, i dtaobh seirbhísí éagsúla a cuireadh ar fáil le linn phaindéim COVID-19. Tá an eagraíocht ag breathnú chun cinn i dtaobh forbairtí don todhchaí freisin, ag tapú deiseanna nua i dtaobh cianoibriú, agus forbairt déanta i gcaitheamh na bliana ar mhol digiteach gteic a ullmhú i dTír an Fhia, Co. na Gaillimhe, a bheidh á oscailt go luath in 2021. Lean an eagraíocht leis an obair thábhachtach tras-Ghaeltachta a dhéantar i dtaobh chúrsaí óige, oiliúint, luath-oideachas, fiontraíocht shóisialta agus go leor eile.

Comhar Naíonraí na Gaeltachta

Cuireann Comhar Naíonraí na Gaeltachta an t-infreastruchtúr in áit chun seirbhísí luathbhlianta a chur ar fáil as Gaeilge, sa nGaeltacht, agus cuireann sé seirbhísí riaracháin, tacaíochta agus traenála ar fáil do na seirbhísí sin.

Is é Comhar Naíonraí na Gaeltachta an tseirbhís aitheanta náisiúnta a chuireann seirbhísí luathbhlianta ar fáil ar fud na Gaeltachta. Tá os cionn 100 seirbhís luathbhlianta faoi stiúir Chomhar Naíonraí na Gaeltachta agus tá oifigí ag an gcuideachta i ngach mórcheantar Gaeltachta. Is struchtúr neamhspleách é Comhar Naíonraí na Gaeltachta a fhaigheann maoiniú ó Údarás na Gaeltachta chun seirbhís bhainistíochta agus riaracháin a chur ar fáil do na seirbhísí luathbhlianta Gaeltachta atá ag feidhmiú trí Ghaeilge sa nGaeltacht.

Athbhreithniú de réir Ceantair Ghaeltachta



2,955

Cruthaíodh 182 post i nGaeltacht na Gaillimhe in 2020. Glanlaghdú de 4.3% atá ar an bhfostaíocht ar an mbliain roimhe rud a chiallaíonn go raibh 2,955 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis ag deireadh 2020.



Gaeltacht na Gaillimhe

Cruthaíodh 182 post i nGaeltacht na Gaillimhe i gcliantchomhlachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta in 2020, an contae is mó inar cruthaíodh fostaíocht. Nuair a thógtar líon na bpost a cailleadh san áireamh, glanlaghdú de 4.3% atá ar an bhfostaíocht ar an mbliain roimhe, rud a chiallaíonn go raibh 2,955 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis ag deireadh 2020.

Cruthaíodh poist nua i gcomhlachtaí atá ag feidhmiú i réimse leathan earnálacha, ina measc Aran Biomedical, Freudenberg/Cambus Medical, Viatrix (Mylan), HID Global, Telegael Teo. agus ECC Teo. Bhí formhór na laghduithe post in earnáil na Turasóireachta, Scannánaíochta agus Bia agus Deoch. Tá céatadán áirithe de na laghduithe poist a mheastar atá ceangailte go díreach le tréimhsí dianghlasála agus a bheidh ar ais a luaithe agus a ardaítear srianta sláinte poiblí.

Tacaíochtaí COVID-19 Údarás na Gaeltachta

Cheadaigh Údarás na Gaeltachta tacaíocht trí na scéimeanna tacaíochta COVID-19, an Scéim Trádála Ar Líne agus Dearbhán Leanúnachais Ghnó COVID-19 i Réigiún an Iarthair mar seo leanas:

I nGaeltachtaí na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus na Mí:

- Cheadaíodh €482,692 do 198 gnó,
- 118 iarratas ceadaithe faoin Scéim Trádála Ar Líne,
- 80 Dearbhán Leanúnachais Ghnó ceadaithe.

Comhlachtaí sna hearnálacha Turasóireachta, Seirbhísí agus Bia agus Deoch is mó ar cheadaíodh tacaíocht dóibh.

Fógraí suntasacha do Ghaeltacht na Gaillimhe i rith 2020

Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta pacáiste tacaíochta d'os cionn €1.9m d'athchóiriú foirgnimh do Cambus Medical/Freudenberg Medical Europe GmbH chun méadú suntasach a dhéanamh ar áiseanna an chomhlachta sa Spidéal a mbeidh os cionn 40 post nua á gcruthú ann.



Tosaíodh ar staidéar féidearthachta maidir le tailte an Údaráis mórthimpeall ar Chalafort Ros an Mhíl a fhorbairt mar bhunionad seirbhíse agus lóistíochta don earnáil fuinnimh in-athnuaite chun an leas is mó gur féidir a bhaint as cúrsaí fuinnimh mara.

Páirc na Mara

Chuir Údarás na Gaeltachta iarratas pleanála do Pháirc na Mara faoi bhráid Chomhairle Chontae na Gaillimhe i mí an Mheithimh 2020. Faoi láthair, táthar ag obair ar eolas breise agus sonraí éagsúla atá iarrtha ag an Údarás Pleanála mar chuid den phróiseas agus súil é bheith curtha faoina mbráid go luath in 2021. Fuarthas os cionn 26 léiriú spéise ó chomhlachtaí a bhfuil suim acu a ngnóthaí a lonnú i bPáirc na Mara agus tá plé déanta le hinfheistearí príobháideacha faoina gcuid riachtanas forbartha féin.

Tionóladh Lá na Mara Údarás na Gaeltachta don dara bliain in 2020. Thug saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara a gcuid saineolais agus taithí ar inbhuanaitheacht acmhainní nádúrtha. Pléadh na bealaí go bhféadfadh feirmeoireacht bia mara cabhrú le gníomhaíocht aeráide agus caighdeán bainte feamainne chun inbhuanaitheacht a chinntiú i measc ábhair eile.

Plean Gníomhaíochta Forbartha 5 Bliana d'Iorras Aithneach

Mar thoradh ar chomhpháirtíocht agus comhoibriú maith idir na páirtithe leasmhara ar fad tá dul chun cinn á dhéanamh ar fheidhmiú an Phlean. Déanann Coiste Comhairleach Monatóireachta ionadaíocht ar son an phobail agus feidhmíonn an coiste i gcomhar le Forbairt Chonamara Láir Teo. i réimse leathan gníomhaíochtaí.

Tá dul chun cinn déanta maidir le cruthú fostaíochta, áiseanna turasóireachta, uasghrádú foirgnimh, cúrsaí mara, cúrsaí oiliúna agus idirbheartaíocht leis an gComhairle Chontae. Tá tuairisc eatramhach á réiteach agus athbhreithniú á dhéanamh ar an bplean agus an dul chun cinn atá déanta le dhá bhliain anuas. Ceapadh comhairleoir neamhspleách le tacú le hathbhreithniú ar an bplean agus na moltaí forbartha atá ann do na trí bliana seo romhainn.

gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta i gConamara

Tá cheithre mhol digiteach gteic oscailte anois i gContae na Gaillimhe, is iad sin gteic@An Cheathrú Rua, gteic@An Spidéal, gteic@Na Forbacha agus gteic@Carna. Beidh gteiceanna á n-oscailt go luath in 2021 i dTír an Fhia, Inis Mór agus i gCorr na Móna. Meastar go mbeidh beagnach 200 spás oibre ar fáil ar fud Ghaeltacht na Gaillimhe roimh dheireadh 2021 agus na hionaid ar fad oscailte agus srianta scaradh sóisialta tagtha chun críche.



Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú iomlán de €908,482 ar fáil do 12 eagraíocht faoin gClár Forbartha Pobail in 2020 a chuir cláir oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Thar bhliain ar bith eile chuir siad seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, rinne siad comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus chuir siad seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach ina gceantair fheidhme. I rith na bliana ghlac an 12 eagraíocht forbartha pobail agus eagrais phobail eile páirt i gceardlanna oiliúna agus meantóireachta an Chláir Fiontraíochta Sóisialta Gaeltachta (CFS-G).

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 370 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht na Gaillimhe ag deireadh na bliana. Is 170 duine a bhí ar an Scéim Fostaíochta Pobail, 141 ar an Scéim Shóisialta Tuaithe, 43 ar Scéim Tús agus 16 ar Scéim Tús Nua. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú ag 20 saoise, á riar ag an Údarás agus á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Cé go mba bhliain dhúshlánach a bhí in 2020 d'éirigh leis na scéimeanna forbairt a dhéanamh ar dhá thogra turasóireachta. Déanadh athbheochan ar Shlí Chonamara, siúlóid cois cladaigh a shíneann ón Spidéal go Ros an Mhíl. Lena chois sin, cuireadh lúbín breise le siúlóid bhóthar Sheanadh Mhacha, seanbhóthar portaigh i Leitir Mucú atá thart ar 9km ar fhad, agus atá forbartha mar bhealach siúlóide / rothaíochta.

Le linn 2020 bhí roinnt mhaith de rannpháirtithe na scéimeanna ag feidhmiú sa bpobal mar oibrithe riachtanacha, ag tabhairt cúnamh do na húdarás áitiúla, na heagrais forbartha agus na coistí áitiúla chun seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil do dhaoine leochaileacha ina gceantair.



Ionad Turasóireachta

Cuireadh an dara céim d'fhorbairt Ionad Feamainne Leitir Mealláin i gcrích ag deireadh 2020. Tá dhá sheomra suiteáilte ag Comhar Chuigéal (le maoiniú ó FLAG BIM mar fholcadáin feamainne don phobal agus do chuairoteoirí. Eagraíodh ócáidí líonraithe agus ceardlainne forbairt táirgí/seirbhís turasóireachta i gcomhar le Cósta Gaelach Chonamara & Árann chun tacú le gnóthaí turasóireachta.

Tá oifigh turasóireachta fostaithe faoi scéim forbartha bainistíochta Údarás na Gaeltachta i dtograí straitéiseacha sa gContae; Ionad Cuimhneacháin na nMírceach, Cósta Gaelach Chonamara & Árann, Áras Éanna (Inis Oírr) agus Geopháirc Dhúiche Seoigheach.

Pleanáil Teanga

Bhí pleananna teanga á bhfeidhmiú i 6 LPT le hinfheistíocht iomlán de €700,000. Tá 6 Oifigeach Pleanála Teanga agus beirt Oifigeach Cúnta fostaithe chun na pleananna sin a fheidhmiú. Cuireadh tús le feidhmiú pleananna teanga i LPT Mhaigh Cuilinn, i LPT Chois Fharraige agus i LPT Cheantar na nOileán le linn na bliana.

Cuireadh 4 phlean teanga do LPT an Eachréidh, LPT Oirthear Chathair na Gaillimhe, LPT Bhearna agus Cnoc na Cathrach agus LPT Oileáin Árann faoi bhráid na Roinne lena gceadú. Ceadaiódh an plean teanga do LPT an Eachréidh, le hallúntas de €100,000, agus beidh céimeanna á nglacadh go luath in 2021 chun struchtúr a chur in áit d'fheidhmiú an phlean.

Reáchtáladh imeachtaí inar ghlac go leor den phobal páirt iontu ar nós an *Caifé Cultúir*, *Comórtas Reatha na Gaeltachta* agus *Maratón na dTeaghlach* mar shampla. Eagraíodh ceardlanna ar líne dírithe ar théamaí faoi leith agus reáchtáladh ciorcal comhrá agus ranganna Gaeilge ar líne chomh maith.

Is 604 post lánaimseartha a bhí i gcliantchomhlachtaí. Cruthaíodh 45 post nua i nGaeltacht Mhaigh Eo in 2020 – figiúir a bhí níos airde de bheagán ar 2019.

Béal an Mhuirthead

Gob an Choire

Gaeltacht Mhaigh Eo

604 post lánaimseartha a bhí i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta i nGaeltacht Mhaigh Eo ag deireadh na bliana 2020. Cruthaíodh 45 post nua i nGaeltacht Mhaigh Eo in 2020 – figiúir a bhí beagán níos airde ar 2019. Nuair a chuirtear titim fostaíochta san áireamh glanlaghdú de 10.5% a bhí ann ar an mbliain roimhe sin. In earnáil na Turasóireachta nó earnálacha gaolmhara atá trí cheathrú den titim sa bhfostaíocht. Táthar ag súil gur poist iad a thiocfaidh ar ais nuair atá srianta sláinte poiblí maolaithe ag deireadh na paindéime.

Is in earnáil na hInnealtóireachta agus na Déantúsaíochta is mó a cruthaíodh poist i nGaeltacht Mhaigh Eo in 2020.

I rith 2020, cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta tograí nua ina mbeidh 44 post ag teacht chun cinn i nGaeltacht Mhaigh Eo amach anseo le hinfheistíocht iomlán de €1.34 milliún beartaithe do na tograí seo nuair a bheidh siad faoi lán seoil.

Tacaíochtaí COVID-19 Údarás na Gaeltachta

Cheadaigh Údarás na Gaeltachta tacaíocht trí na scéimeanna tacaíochta COVID-19, an Scéim Trádála Ar Líne agus Dearbhán Leanúnachais Ghnó COVID-19 i nGaeltachtaí na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus na Mí mar seo leanas:

- Cheadaíodh €482,692 do 198 gnó,
- 118 iarratas ceadaithe faoin Scéim Trádála Ar Líne,
- 80 Dearbhán Leanúnachais Ghnó ceadaithe.

Comhlachtaí sna hearnálacha Turasóireachta, Seirbhísí agus Bia agus Deoch is mó ar cheadaíodh tacaíocht dóibh.



Áras Scéalta an Atlantaigh

Beidh Áras Scéalta an Atlantaigh mar phríomhionad treoraithe ag cuairteoirí ar Leithinis Iorrais i nGaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh, áit a bhfaighidh siad gach eolas ar oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha an cheantair. Tacóidh an fhorbairt le téarnamh eanáil na Turasóireachta i gceantar Iorrais.

Tá Coiste Comhairleach, faoi stiúir an Údaráis, ag déanamh maoirseachta ar an obair agus críochnaíodh próiseas dearadh an fhoirgnimh agus tosaíodh ar fhorbairt an léirmhíniú inmheánach. Beidh síneadh suntasach i gceist le hlonad Deirbhile mar thoradh air seo. Ceapadh bainisteoir togra agus oifigeach turasóireachta don togra agus fostófar comhairleoir léirmhíniúcháin chun an t-eispéireas cuairteora a fhorbairt.

gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta

Cuireadh críoch leis an obair thógála ar gteic@Béal an Mhuirthead, gteic@An Corrán Buí, gteic@Acaill agus gteic@An Eachléim le hinfheistíocht de €960,000 déanta go dtí seo. Tá gteic@Béal an Mhuirthead méadaithe agus ag mealladh tograí fiontraíochta chuig an mbaile. Tá an 3 gteic eile réitithe le dhul i mbun gnó nuair a ardófar na srianta dianghlásála reatha agus beidh spás ar fáil do 150 duine le hoibriú astu.

Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú iomlán de €276,100 ar fáil do cheithre eagraíocht faoin gClár Forbartha Pobail in 2020 a chuir cláir oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Cuireann siad seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, déanann siad comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann siad seirbhís chomhairleach ar fáil don eanáil dheonach ina gceantair fheidhme. I rith na bliana ghlac na 4 eagraíocht forbartha pobail i gContae Mhaigh Eo páirt i gceardlanna oiliúna agus meantóireachta an Chláir Fiontraíochta Sóisialta Gaeltachta (CFS-G).



Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 229 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Mhaigh Eo ag deireadh na bliana. Is 44 duine a bhí ar an Scéim Fostaíochta Pobail, 154 ar an Scéim Shóisialta Tuaithe agus 31 ar Scéim Tús. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú ag 11 saoise, á riar ag an Údarás agus á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Forbraíodh bealach siúlóide 5km i gceantar Pholl an tSómais, chomh maith le Siúlóid Cheann Iorrais áit ar tógadh cosán adhmaid ar an lúb. Faoi scéim rannpháirtíochta pobail, tógadh cosáin in Inbhear agus forbraíodh carrchlós agus roinnt tírdhreacha sa gceantar. I gceantar Bhéal an Mhuirthead tógadh cosáin agus cuireadh suas balla nua le hais an chosáin ar Bhóthar an Chladaigh.

Bhí rannpháirtithe ó na scéimeanna ag feidhmiú sa bpobal mar oibrithe riachtanacha, ag tabhairt cúnamh do na húdaráis áitiúla, na heagrais forbartha agus na coistí áitiúla seirbhísí riachtanacha ar nós an tseirbhís béilí ar rothaí a chur ar fáil do dhaoine leochaileacha sa bpobal.

Pleanáil Teanga

Leanadh le feidhmiú an phlean teanga i LPT Mhaigh Eo Thuaidh áit ar cuireadh béim ar ghníomhaíochtaí fíorúla dírithe ar fheasacht teanga, ar chaidreamh a chothú leis an bpobal áitiúil agus an Ghaeilge a chur chun cinn. I measc na n-imeachtaí a eagraíodh bhí *Comórtas Reatha na Gaeltachta* agus *Maratón na dTeaghlach*, an feachtas feasachta *#SeoAnGaeltacht*, an togra *Maratón na bPáistí* le scoileanna Gaeltachta agus an feachtas ar líne dírithe ar lucht gnó an cheantair, *Stuif na Nollag*.

Cuireadh dréachtplean teanga do LPT Mhaigh Eo Thiar faoi bhráid na Roinne lena cheadú. Beifear ag dul i mbun plé le pobal Bhéal an Mhuirthead arís maidir leis na céimeanna cuí le haitheantas a bhaint amach don bhaile mar BSG.

Is í Gaeltacht na Mí an t-aon cheantar Gaeltachta ar tháinig glanmhéadú ar an bhfostaíocht ann i rith 2020. 215 post lánaimseartha a bhí i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht na Mí ag deireadh na bliana 2020.



Gaeltacht na Mí

Is í Gaeltacht na Mí an t-aon cheantar Gaeltachta ar tháinig glanmhéadú ar an bhfostaíocht ann i rith 2020. 215 post lánaimseartha a bhí i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht na Mí ag deireadh na bliana 2020. Nuair a thógtar líon na bpost a cailleadh san áireamh, glanmhéadú de 2% ar an mbliain roimhe a bhí sa gcontae. Bhí seasmhacht le brath i gcomhlachtaí i nGaeltacht na Mí in earnálacha ina raibh titim fostaíochta le brath go náisiúnta.

Fóram Fiontraíochta do Ghaeltacht na Mí

Mar chuid de mholtaí an fhórait bunáodh tionóil pobail, faoi chathaoirleacht Údarás na Gaeltachta, a tháinig le chéile ag tús 2020 agus a shocraigh gníomhaíochtaí tosaíochta.

Chuige sin, cuireadh meicníocht chumarsáide tiomanta i bhfeidhm san eagraíocht chun éascaíocht a dhéanamh ar fhiosrúcháin ghnó do Chontae na Mí.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag Comharchumann Ráth Chairn, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta, i bhforbairt a gcuid aidhmeanna turasóireachta chun gur féidir leas a bhaint as na deiseanna turasóireachta atá ar fáil i nGaeltacht na Mí.

gteic@Ráth Chairn

Tá láthair aimsithe i Ráth Chairn chun gteic a fhorbairt ann agus cuireadh tús leis an bpróiseas measúnaithe buiséid don fhorbairt ag deireadh 2020. Táthar ag súil go mbeidh gteic@Ráth Chairn ag oscailt i bhFómhar 2021.



Pleanáil Teanga

Leanadh le feidhmiú an phlean teanga i LPT Ráth Chairn agus Baile Ghib. Díriodh ar imeachtaí fíorúla agus ar líne a eagrú le húsáid na Gaeilge a spreagadh agus caidrimh a chothú leis agus idir bhaill an phobail. Sampla de na gníomhaíochtaí sin ab ea an feachtas ‘An Mhí faoi Bhláth’. Measadh gur ábhar dóchais a bheadh i ndeis garraíodóireachta, plandaí a fheiceáil ag fás agus ceangal ilchéadfach a chruthú leis an nGaeilge. Cuireadh síolta glasraí ar fáil don phobal agus roinneadh físeáin i nGaeilge a thug treoracha conas an talamh a réiteach agus na síolta sin a chur. D’éirigh leis an bpobal, idir fhoghlaimeoirí agus chainteoirí Gaeilge, an fhocláíocht agus na nathanna cainte a bhain le cur glasraí agus oibriú i ngort a fhoghlaim agus a chleachtadh.


Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú iomlán de €76,870 ar fáil d’eagraíocht amháin faoin gClár Forbartha Pobail in 2020 a chuir cláir oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Cuireann siad seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, déanann siad comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann siad seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach.

I rith na bliana ghlac an eagraíocht forbartha pobail i gContae na Mí agus eagrais phobail eile páirt sna ceardlanna oiliúna a cuireadh ar fáil dóibh mar chuid den Chlár Fiontraíochta Sóisialta Gaeltachta (CFS-G).

2,168

Cruthaíodh 114 post nua i nGaeltacht Dhún na nGall i rith 2020. Nuair a chuirtear an líon post a cailleadh san áireamh, bhí glanlaghdú de 6.8% ar an bhfostaíocht, rud a d'fhág go raibh 2,168 post i gcliantchomhlachtaí an Údaráis ag deireadh na bliana.



Gaeltacht Dhún na nGall

Cruthaíodh 114 post nua i nGaeltacht Dhún na nGall i rith 2020. Nuair a chuirtear an líon post a cailleadh san áireamh, bhí glanlaghdú de 6.8% ar an bhfostaíocht, rud a d'fhág go raibh 2,168 post i gcliantchomhlachtaí an Údaráis ag deireadh na bliana. I measc na gcomhlachtaí ar fud Ghaeltacht Dhún na nGall inar cruthaíodh poist in 2020, bhí Earagail Éisc, Randox, Tionscail GPE Teo, Bá Dhún na nGall agus Beachóga Dhún na nGall Teoranta. Go príomha, is in earnálacha na Turasóireachta agus Bia agus Deoch is mó a facthas laghduithe fostaíochta i rith 2020.

Tograí Nua

Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta líon tograí nua do Ghaeltacht Dhún na nGall i rith 2020 ina mbeidh 38 post nua á gcruthú iontu agus infheistiú iomlán d'os cionn €1.63 milliún beartaithe nuair a bheidh na tograí sin faoi lán seoil.

Tacaíochtaí COVID-19 Údarás na Gaeltachta

Cheadaigh Údarás na Gaeltachta tacaíocht trí na scéimeanna tacaíochta COVID-19, an Scéim Trádála Ar Líne agus Dearbhán Leanúnachais Ghnó COVID-19 i nGaeltacht Dhún na nGall mar seo leanas:

- Ceadáíodh €271,163 do 112 gnó,
- 71 iarratas ceadaithe faoin Scéim Trádála Ar Líne,
- 41 Dearbhán Leanúnachais Ghnó ceadaithe.

Comhlachtaí sna hearnálacha Seirbhísí, Bia agus Deoch, Turasóireachta agus Déantúsaíochta is mó ar ceadáíodh tacaíocht dóibh.

Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú iomlán €735,900 ar fáil d'aon eagrais déag faoin gClár Forbartha Pobail in 2020 a chuir cláir oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Bunaíodh comhlacht pobalbhunaithe úr i gceantar Fhánada – Comhar Fhánada agus Gleann Bhairr CTR a bheidh ag dul i mbun oibre in 2021.



Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 284 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Dhún na nGall ag deireadh na bliana le 130 ar an Scéim Shóisialta Tuaithe, 10 ar Tús Nua, 113 ar an Scéim Fostaíochta Pobail agus 31 ar Scéim TÚS. Tá na scéimeanna á riar ag an Údarás agus á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Clár LEADER

Cuireadh críoch leis an gClár LEADER reatha 2016 – 2020 ag deireadh na bliana agus ceadaíodh buiséad iomlán deontais de €1.764m a rinne infheistíocht i 49 togra tionscadail faoi na téamaí: Leathanbhanda, Turasóireacht Tuaithe, Seirbhísí dírithe ar Phobail Imeallacha, Timpeallacht, Forbairt na Fiontraíochta agus Bailte Tuaithe. Tá plé leanúnach ar siúl faoi láthair maidir le socruithe do mhaoiniú eatramhach don Chlár do 2021.

gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta

Tháinig fás agus forbairt ar gteic@GaothDobhair i rith na bliana fiú le srianta COVID-19 de bharr an dara hurlár nua fhorbartha a bheith críochnaithe agus ar fáil. Beidh suas le 300 spás oibre ar fáil i gteic@Gaoth Dobhair nuair a bheidh na srianta dianghlása maolaithe. Lena chois sin, tá forbairt á dhéanamh i dtaobh gteic@An Tearmann, gteic@Na Dúnaibh, gteic@Cill Charthaigh agus gteic@Árainn Mhór. Táthar ag súil go mbeidh ceithre gteic eile oscailte i nDún na nGall in 2021 i gCarraig Airt, i mBaile na Finne, ar an gClochán Liath agus i dToraigh.

Polasaí Déthaobhach nua á fhorbairt idir Éire agus Albain

I rith 2020, tugadh cuireadh d'Údarás na Gaeltachta tríd Oifig Rialtas na hAlban in Éirinn i bpáirtíocht leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha, moltaí a chur faoina mbráid i dtaca le Polasaí Déthaobhach nua a fhorbairt idir Éire agus Albain. Thug Aire Rialtais na hAlban Mike Russell agus oifigigh as Rialtas na hAlban cuairt ar Údarás na Gaeltachta i mí Eanáir 2020 áit ar pléadh réimse earnálacha ábhartha, ina measc na ceithre cinn atá sonraithe i gcomhar comhoibriú sa doiciméad idir-rialtais atá á ullmhú. Sa bPolasaí Déthaobhach atá foilsithe ó shin, déantar tagairt shonrach d'Údarás na Gaeltachta mar pháirtí atá lárnach sa gceangal idir an dá thír, agus an tÚdarás chun forbairtí i dtaobh gteic, pleanáil teanga agus forbairt tuaithe a fhiosrú i gcomhar le rialtas na hÉireann, rialtas na hAlban agus Oilthigh na Gáidhealtachd agus nan Eilean.



Pleanáil Teanga

Faoi dheireadh 2020 bhí pleananna teanga á bhfeidhmiú i sé cinn de na 8 LPT i nDún na nGall, le hinfheistíocht iomlán de €650,000. Bhí seisear oifigigh pleanála teanga agus oifigeach cúnta amháin fostaithe sa gcontae.

Ceadaíodh plean teanga LPT na Rosann ag tús na bliana agus cuireadh tús le feidhmiú pleananna teanga i LPT Thuaisceart Dhún na nGall, LPT Dhún na nGall Theas agus LPT na Rosann le linn na bliana. Cuireadh an dréachtphean teanga do LPT Thoraí faoi bhráid na Roinne agus ceadaíodh an plean i mí na Nollag le hallúntas de €100,000 agus súil tús a chur le feidhmiú an phean sin sa gcéad leath de 2021. Leanadh le hullmhú pleananna teanga do LPT na Gaeltachta Láir agus do Bhaile Seirbhíse Gaeltachta An Chlocháin Léith.

Reáchtáladh go leor imeachtaí/gníomhaíochtaí ar líne a chothaigh caidrimh agus naisc idir phobail na Gaeltachta, idir fhoghlaimeoirí, cainteoirí dúchais agus daoine gan Gaeilge agus spriocghrúpaí eile sa bpobal a bhfuil na pleananna teanga dírithe orthu.

Bhí 611 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chiarraí ag deireadh na bliana. Caomhnaíodh an fhostaíocht i bhformhór na n-earnálacha agus meastar gur cailliúint shealadach atá i gceist leis an bhfostaíocht atá caillte dá bharr seo.

Daingean Uí Chúis

Baile an Scailg

Gaeltacht Chiarraí

Cruthaíodh 32 post nua i nGaeltacht Chiarraí in 2020 i gcomhlachtaí atá ag feidhmiú in earnáil na Seirbhísí, Teicneolaíocht an Eolais agus Déantúsaíochta. D'fhág srianta dianghlása a lorg ar earnáil na Turasóireachta i rith 2020 agus facthas laghduithe fostaíochta dá réir san earnáil sin go príomha agus in earnálacha gaolmhara rud a chiallaigh laghdú de 12% ar an bhfostaíocht sa gcontae i mbliana.

Bhí 611 post lánaimseartha, dá bhrí sin, i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chiarraí ag deireadh na bliana. Caomhnaíodh an fhostaíocht i bhformhór na n-earnálacha eile agus meastar gur cailliúint shealadach atá i gceist leis an bhfostaíocht atá caillte dá bharr seo.

Lena chois sin, ceadaíodh líon tograí i rith na bliana ina mbeidh 20 post nua á gcruthú iontu agus infheistíocht os cionn €580,000 ag baint leo nuair atá na forbairtí beartaithe faoi lán seoil.

Tacaíochtaí COVID-19 Údarás na Gaeltachta

Cheadaigh Údarás na Gaeltachta tacaíocht trí na scéimeanna tacaíochta COVID-19, an Scéim Trádála Ar Líne agus Dearbhán Leanúnachais Ghnó COVID-19 i nGaeltachtaí Chiarraí, Chorcaí agus Phort Láirge mar seo leanas:

- Ceadaíodh €248,574 do 103 gnó,
- 74 iarratas ceadaithe faoin Scéim Trádála Ar Líne,
- 29 Dearbhán Leanúnachais Ghnó ceadaithe.

Comhlachtaí sna hearnálacha Turasóireachta, Bia agus Deoch agus Déantúsaíochta is mó ar ceadaíodh tacaíocht dóibh.



Seanospidéal an Daingin

Cheadaigh Comhairle Contae Chiarraí an t-iaratas pleanála do mháistirphlean Sheanospidéal an Daingin le gairid. Cuireadh an plean le chéile le maoiniú de chuid an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus an Údaráis. Tá iaratas déanta faoi chatagóir 1 den chiste céanna anois chomh maith le hiarratas faoi chlár maoinithe Platforms for Growth Fháilte Éireann don chéad chéim eile den togra.

An Teac Damhsa

Tá cead pleanála faighte ag an Teac Damhsa ar an nGlaise Bheag chun oibreacha a dhéanamh ar an bhfoirgneamh, oibreacha a dhéanfaidh spás sásúil compordach den seanmhonarcha. Rinneadh dul chun cinn ar obair chomhairleoireachta agus tá tús curtha leis an bpróiseas tairisceana chun tabhairt faoin obair athchóirithe. Rinneadh athnuachan ar dhíon na monarchan seo níos túisce in 2020.

Milseoga Uí Mhurchú Teoranta

Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta pacáiste tacaíochta don chomhlacht uachtar reoite Milseoga Uí Mhurchú i gCorca Dhuibhne a chabhróidh leo forbairt a dhéanamh ar tháirgí nua agus ina gcruthófar 15 post nua sna 5 bliana amach romhainn.

Drioglann Uisce Beatha Dhaingean Uí Chúis Teo

Bhí an comhlacht chun tosaigh ag táirgeadh agus ag dáileadh díghalrán lámh go náisiúnta nuair a thosaigh an phaindéim i mí an Mhárta. Tá eisceadúnas faighte ag an gcomhlacht i mbliana rud a chuireann ar a gcumas a gcuid táirgí alcóil a dhíol ar líne. Chuir na srianta sláinte poiblí bac ar na turais treoraithe a bhí acu agus a raibh an-tóir orthu. Sheol siad táirgí nua uisce beatha i rith na bliana agus chuir siad leis an líon ollmhór gradaim atá cruinnithe acu le blianta beaga anuas. Tá 21 duine fostaithe go lánaimseartha sa nDrioglann i mBaile an Mhuilinn.

gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta i gCiarraí

Bhí trí mhol digiteach gteic oscailte agus ag feidhmiú i nGaeltachtaí Chiarraí agus beidh suas le 60 spás oibre ar fáil iontu i rith 2021 nuair a bheidh na srianta dianghlása ardaithe. Tá Mol Teic bunaithe agus ag feidhmiú sa gCúilín i nDaingean Uí Chúis le roinnt blianta le tacaíocht Údarás na Gaeltachta. Tá gteic@Corca Dhuibhne ar Pháirc Ghnó Dhaingean Uí Chúis réitithe amach agus oscailte. Cuireadh gteic@Baile an Sceilg i bhfearas i rith na bliana i gCiarraí Theas agus é á bhainistiú ag Comhchoiste Gaeltacht Uíbh Ráthaigh. Tá súil go mbeidh gteic@An Dromaoid oscailte go luath in 2021 i bhfianaise socruithe maidir le ceangal leathanbhanda a bheith á gcur i gcrích faoi láthair. Tá iaratas déanta ar chead pleanála chun ionad nua a fhorbairt do gteic@Baile an Sceilg.



Tascfhórsa Idirghníomhaireachta Uíbh Ráthaigh

Ceapadh Oifigeach Taighde lánaimseartha chun tabhairt faoi na beartais taighde-bhunaithe sa bplean gníomhaíochta. Tionóladh ceithre chruinniú den Tascfhórsa le linn na bliana, a bhformhór ar líne de bharr shrianta COVID-19.

D'éirigh thar barr leis na feachtais mhargaíochta a bhí ar siúl ag an Tascfhórsa i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta sa Samhradh agus faoi Nollaig chun daoine agus teaghlaigh a mhealladh chun cónaí sa gceantar. Táthar ag déileáil le suas le 90 fiosrúchán dá bharr. Tá láithreán gréasáin nua seolta agus comhlacht margaíochta ceaptha chun plean margaíochta a chur i bhfeidhm don cheantar.

Déanadh taighde i rith na bliana ar thithe atá ar fáil ar cíós/le díol, spásanna oibre atá ar fáil sa gceantar agus clúdach fóin póca sa gceantar. Thosaigh obair ar iniúchadh CCJ (Communities Creating Jobs) a dhéanamh sna pobail éagsúla.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 66 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Chiarraí ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riar ag an Údarás agus á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Pleanáil Teanga


Leanadh le feidhmiú na bpleananna teanga oiread agus ab fhéidir taobh istigh de shrianta COVID-19 sa dá limistéar atá lonnaithe i nGaeltacht Chiarraí, sin iad LPT Chiarraí Thiar agus LPT Chiarraí Theas. Reáchtáladh go leor imeachtaí/gníomhaíochtaí ar líne a chothaigh caidrimh agus naisc idir phobail na Gaeltachta, idir fhoghlaimeoirí, cainteoirí dúchais agus daoine gan Gaeilge. Cruthaíodh ceangal le pobail sna LPT eile ar fud na tíre. Tá beirt Oifigigh Pleanála Teanga agus Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga amháin fostaithe le cúram a thabhairt d'fheidhmiú na bpleananna sin.

Ag deireadh an tsamhraidh fógraíodh go raibh an plean teanga do Bhaile Seirbhíse Gaeltachta Dhaingean Uí Chúis ceadaithe agus go mbeadh suas le €80,000 á chur ar fáil faoin bpróiseas le tacú le cur i bhfeidhm an phlean teanga sin. Tá tús curtha le plé le coiste deonach, Dúchas an Daingin, maidir leis an gcur chuige agus na córais oibre chuí a bheidh i gceist maidir le feidhmiú phlean teanga BSG Dhaingean Uí Chúis.

Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú iomlán de €338,200 ar fáil do cheithre eagraíocht faoin gClár Forbartha Pobail in 2020 a chuir clár oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Cuireann siad seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, déanann siad comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann siad seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach ina gceantair fheidhme.

Bhí 664 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chorcaí ag deireadh na bliana. Cruthaíodh 23 post nua i nGaeltacht Chorcaí in 2020. Nuair a thógtar líon na bpost a cailleadh san áireamh, tá laghdú 5% tagtha ar an méid fostaíochta ann.



Gaeltacht Chorcaí

Bhí 664 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chorcaí ag deireadh na bliana. Cruthaíodh 23 post nua i nGaeltacht Chorcaí in 2020. Nuair a thógtar líon na bpost a cailleadh san áireamh, tá laghdú 5% tagtha ar an méid fostaíochta ann. Is in earnáil na Turasóireachta go príomha agus san earnáil Bia agus Deoch is mó a bhí an laghdú fostaíochta chomh maith le laghduithe beaga san Innealtóireacht agus sa Déantúsaíocht.

Tacaíochtaí COVID-19 Údarás na Gaeltachta

Cheadaigh Údarás na Gaeltachta tacaíocht trí na scéimeanna tacaíochta COVID-19, an Scéim Trádála Ar Líne agus Dearbhán Leanúnachais Ghnó COVID-19 i nGaeltachtaí Chiarraí, Chorcaí agus Phort Láirge mar seo leanas:

- Ceadaíodh €248,574 do 103 gnó,
- 74 iarratas ceadaithe faoin Scéim Trádála Ar Líne,
- 29 Dearbhán Leanúnachais Ghnó ceadaithe.

Comhlachtaí sna hearnálacha Turasóireachta, Bia agus Deoch agus Déantúsaíochta is mó ar ceadaíodh tacaíocht dóibh.

Coláiste Íosagáin

Tuar dóchais é gur thosaigh obair ar shuíomh Choláiste Íosagáin ag deireadh na bliana 2020. Tar éis an chéad chéim seo beidh formhór na n-oibreacha suímh agus oibreacha lasmuigh den fhoirgneamh críochnaithe. Cheadaigh Comhairle Contae Chorcaí cead pleanála d'Údarás na Gaeltachta chun Mol Forbartha Réigiúnach a fhorbairt ar shuíomh álainn Choláiste Íosagáin i rith 2020 chun tacú le cruthú na fiontraíochta. Ceapfar conraitheoir agus cuirfear tús leis an obair forbartha ar na foirgnimh sa gcéad leath de 2021.



gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta i gCorcaigh

Tá spás do 22 oibrí i gteic@Béal Átha an Ghaorthaidh atá á bhainistiú ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo. Ainneoin laghdú ar an spás ann de bharr srianta sláinte poiblí, bhí úsáid á bhaint as leath na spásanna a bhí ar fáil go seasta. Tá sé i gceist gteic@Baile Bhuirne, ina mbeidh suas le 75 spás oibre, a fhorbairt i gColáiste Íosagáin agus rinneadh iarratas ar mhaoiniú don fhorbairt seo faoin scéim REDF. Tá gteic@Cléire á fhorbairt ar Eastát Tionsclaíochta an Údaráis ar Chléire. Beidh an spás roinnte ina dhá chuid ionas go mbeidh 4 dheasc tiomnaithe oibre i gcuid amháin agus spás a d'fhéadfadh freastal ar suas le 10 n-úsáideoir sealadacha sa gcuid eile.

Paxxus

Cuireadh síneadh suntasach leis an gcomhlacht Paxxus i mBaile Bhuirne i rith 2020. Lena chois sin, chuireadar comh-nascadh luachmhar i gcrích le comhlacht i Meiriceá chun freastal ar mhargaí nua. Tá 28 duine fostaithe go lánaimseartha acu agus iad i mbun earraí pacáistíochta i réimse na hearnála leighis ach go háirithe.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 21 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Mhúscraí ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riar ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Pleanáil Teanga

Is é Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo. atá freagrach as an bplean teanga do Limistéar Pleanála Teanga (LPT) Mhúscraí a fheidhmiú. Rinneadh dul chun cinn ar fheidhmiú bhearta atá leagtha amach sa bplean teanga ina measc branda nua a chruthú, Stór Mhúscraí agus cuireadh tús le feachtais agus comórtais éagsúla, ag áireamh an tionscnamh 'Stuif na Nollag' a bhí dírithe ar tháirgí Ghaeltacht Mhúscraí a chur chun cinn. Reáchtáladh Maratón na bPáistí sa gceantar inar ghlac 290 páiste ó 5 scoil i LPT Mhúscraí páirt ann.

Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú iomlán de €180,320 ar fáil do dhá eagraíocht faoin gClár Forbartha Pobail in 2020 a chuir cláir oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Cuireann siad seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, déanann siad comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann siad seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach ina gceantair fheidhme.

Bhí 146 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Phort Láirge ag deireadh na bliana. Cruthaíodh 24 post nua i nGaeltacht Phort Láirge in 2020. Nuair a thugtar líon na bpost a cailleadh san áireamh, tá glanlaghdú 2% ar an méid fostaíochta ann.



Gaeltacht Phort Láirge

Cruthaíodh 24 post i nGaeltacht Phort Láirge i rith 2020. Is sna hearnálacha Innealtóireachta agus Seirbhísí Teangabhunaithe a bhí méadú sa bhfostaíocht. Nuair a thógtar laghduithe poist a bhí in earnálacha na Feirmeoireachta Éisc, Turasóireachta agus earnáil an Bhia san áireamh bhí glanlaghdú de 2% ar an bhfostaíocht i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Phort Láirge. Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta líon tograí do nGaeltacht Phort Láirge i rith 2020 ina mbeidh 3 phost nua á gcruthú iontu agus infheistíocht iomlán d'os cionn €420,000 beartaithe nuair a bheidh na tograí sin faoi lán seoil.

Tacaíochtaí COVID-19 Údarás na Gaeltachta

Cheadaigh Údarás na Gaeltachta tacaíocht trí na scéimeanna tacaíochta COVID-19, an Scéim Trádála Ar Líne agus Dearbhán Leanúnachais Ghnó COVID-19 i nGaeltachtaí Chiarraí, Chorcaí agus Phort Láirge mar seo leanas:

- Ceadaíodh €248,574 do 103 gnó,
- 74 iarratas ceadaithe faoin Scéim Trádála Ar Líne,
- 29 Dearbhán Leanúnachais Ghnó ceadaithe.

Comhlachtaí sna hearnálacha Turasóireachta, Bia agus Deoch agus Déantúsaíochta is mó ar ceadaíodh tacaíocht dóibh.

Bua do Mhic Léinn an Ard Dioplóma i Léiriú Teilifíse

Bhí an bua ag mic léinn an Ard Dioplóma i Léiriú Teilifíse agus na Meán, atá á reáchtáil ag Nemeton Teo. i gcomhar le WIT agus Údarás na Gaeltachta, i ndá chatagóir sa gcomórtas náisiúnta sna meáin do mhic léinn don chéad uair in 2020.

In iomlán, fuair ochtar mac léinn ón gcúrsa ainmniúcháin i dtrí chatagóir sna SMEDIAS (Student Media Awards) do scannáin le hardchaighdeán samhlaíochta agus cruthaíochta.



Taighde nua in athmhúscailt pobail ghnó tuaithe

D'fhógair Údarás na Gaeltachta cómhaoiniú ar thaighde nua i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (WIT), i lár 2020 chun féachaint ar na bealaí le leas a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le gnóthaí imeallacha agus faoin tuath sa nGaeltacht chun nascadh agus forbairt a dhéanamh. Mar chuid den taighde gníomhaíochta PhD 4 bliana atá beartaithe, beidh an taighdeoir neadaithe i nGaeltacht Phort Láirge agus in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

Pleanáil Teanga

Is é Comhlucht Forbartha na nDéise Teo. an Cheanneagraíocht atá freagrach as an bplean teanga do LPT na nDéise a chur i bhfeidhm. Rinneadh dul chun cinn ar fheidhmiú roinnt de na bearta leagtha amach sa bplean teanga. Mar shampla, cuireadh grúpa tacaíochta nua don óige agus do theaghlaigh ar bun chun imeachtaí, seirbhísí agus acmhainní trí Ghaeilge do thuismitheoirí agus dá bpáistí agus do dhaoine óga an cheantair a reáchtáil agus a fhorbairt.

Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú iomlán de €71,280 ar fáil d'eagraíocht amháin faoin gClár Forbartha Pobail in 2020 a chuir cláir oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Cuireann siad seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, déanann siad comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann siad seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach ina gceantair fheidhme.



**Údarás na
Gaeltachta**

Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
H91 TY22

www.udaras.ie

Fón: 091-503100
Rphost: eolas@udaras.ie

